V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

# AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE (EPSO)

## FÓGRA COMÓRTAIS OSCAILTE

## EPSO/AD/255/13 — AISTRITHEOIRÍ CRÓITISE (HR)

(2013/C 174 A/01)

Tá an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) ag eagrú comórtas oscailte ar bhonn trialacha chun painéil a chur i dtoll a chéile chun aistritheoirí (*) a earcú (AD 5).

Is é is aidhm don chomórtas seo painéil a chruthú chun folúntais i bpoist in institiúidí an Aontais Eorpaigh a líonadh.

***Roimh duit iarratas a chur isteach, ní mór na treoracha do chomórtais oscailte a foilsíodh in Iris Oifigiúil C 270 A an 7 Meán Fómhair 2012 agus ar shuíomh gréasáin EPSO a léamh go grinn.***

***Is cuid dhílis den fhógra comórtais an treoir sin agus cuideoidh sí leat rialacha na nósanna imeachta agus na bealaí ar a gcuirtear iarratas isteach a thuiscint.***

**AN CLÁR ÁBHAR**

I. **CÚLRA**
II. **DUALGAIS**
III. **INCHÁILITHEACHT**
IV. **TRIALACHA IONTRÁLA**
V. **TRIALACHA AISTRIÚCHÁIN**
VI. **IONAD MEASÚNAITHE**
VII. **PAINÉIL**
VIII. **CONAS IARRATAS A CHUR ISTEACH**

(*) Gach áit anseo a bhfuil tagairt don fhirinscne, glactar leis gur ag tagairt don fhirinscne agus don bhaininscne atáthar.

## I. CÚLRA

| | |
|---|---|
| 1. Líon na n-iarrthóirí a n-éireoidh leo | **Rogha 1** **46** **Rogha 2** **32**<br>**Earcófar na hiarrthóirí a n-éireoidh leo sa chomórtas sa Bhruiséil agus i Lucsamburg.** |
| 2. Nótaí | **Tá dhá rogha i gceist leis an gcomórtas seo. Ní féidir clárú ach do rogha amháin.**<br>**Ní mór an rogha sin a dhéanamh tráth an chlárúcháin ar líne agus ní féidir é a athrú tar éis duit d'iarratas a dhearbhú agus a bhailíochtú ar líne.**<br>**Tá an comórtas seo dírithe orthu siúd a bhfuil teanga na Cróitise, idir labhairt agus scríobh, ar a dtoil acu** ([1]), **(leibhéal máthairtheanga nó a chothrom) agus tuiscint an-mhaith ar an gcéad agus ar an dara teanga fhoinseach. Mura bhfuil an leibhéal sin agat, molaimid go láidir duit gan clárú.**<br>Tugtar dá n-aire do na hiarrthóirí go bhfuil an comórtas seo á eagrú go príomha lena áirithiú go ndéanfar íosmhéid daoine a chomhtháthú i seirbhís shibhialta an Aontais Eorpaigh mar ullmhú d'aontachas na Cróite. Is gá sin a áirithiú chun prionsabal an leanúnachais riaracháin, a aithníonn cúirteanna an Aontais, a chomhlíonadh agus ar mhaithe le dea-fheidhmiú na seirbhíse sibhialta. Ciallaíonn sin go bunúsach nach mór bearta ullmhúcháin a dhéanamh gan dochar don nós imeachta a bhaineann le daingniú an Chonartha Aontachais ná do na rialacha is gá chun an Conradh sin a chur chun feidhme go héifeachtach. Mar sin de, ní bheidh an painéal bailí mura ndaingneoidh na Ballstáit go léir an Conradh Aontachais. Bíodh a fhios ag na hiarrthóirí, dá mba rud é nach ndaingneofaí an Conradh Aontachais nó nach dtiocfadh na rialacha thuasluaite i bhfeidhm, go bhféadfaí deireadh a chur leis an nós imeachta roghnúcháin tráth ar bith agus, dá mbeadh an nós imeachta roghnúcháin sin curtha i gcrích, nach bhféadfadh na hiarrthóirí ar an bpainéal aon cheart a agairt ar an mbonn sin. |

## II. DUALGAIS

Is ag grád AD 5 a théitear i gceann ghairm an riarthóra — riarthóir teanga nó riarthóir de chineál eile — sna hinstitiúidí Eorpacha.

An príomhchúram atá ar riarthóirí teanga (aistritheoirí) cuidiú leis an institiúid nó leis an gcomhlacht ina bhfuil sé ag obair misean na hinstitiúide nó an chomhlachta sin a chomhlíonadh trí aistriúchán d'ardchaighdeán a dhéanamh ar dhoiciméid roimh na spriocdhátaí a leagtar síos agus trí chomhairle teanga a thabhairt.

Ar na cúraimí atá ar riarthóirí teanga (aistritheoirí) tá aistriúchán, athbhreithniú, agus obair théarmeolaíochta, ó dhá theanga iasachta ar a laghad isteach sa phríomhtheanga. Is minic a bhíonn na hábhair a mbítear ag plé leo casta, agus is gnách go mbaineann siad le cúrsaí polaitíochta, cúrsaí dlí, cúrsaí eacnamaíocha, cúrsaí airgeadais, cúrsaí eolaíochta agus cúrsaí teicniúla, agus le gach réimse eile a mbíonn an tAontas Eorpach ag plé leis. Chun na cúraimí sin a dhéanamh caithfear úsáid thráthrialta a bhaint as uirlisí ríomhaireachta agus as uirlisí eile oifige.

## III. INCHÁILITHEACHT

**Ar an dáta deiridh atá leagtha síos don chlárúchán ar líne**, ní mór duit na coinníollacha ginearálta agus sonracha seo a leanas a chomhlíonadh:

**1. Coinníollacha ginearálta**

(a) Bheith i do shaoránach de Bhallstát den Aontas Eorpach nó, de bhun phointe (a) d'Airteagal 28 de na Rialacháin Foirne, i do shaoránach den Chróit, stát aontach.

(b) Do chearta mar shaoránach a theachtadh.

(c) Aon oibleagáid dlí atá ort i dtaca le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta agat.

(d) Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh a theastaíonn chun na dualgais i gceist a dhéanamh.

**2. Coinníollacha sonracha**

| | |
|---|---|
| **2.1.** | **Céim**<br>Leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán tríú leibhéal trí bliana ar a laghad agus céim bainte amach ag a dheireadh. |

([1]) Féach Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CECR) —(http://europass.cedefop.europa.eu/europass/home/hornav/Downloads/CEF/LanguageSelfAssessmentGrid.csp) — an t-íosleibhéal is gá le feimhmiú mar aistritheoir: teanga 1 = C2, teanga 2 = C1, teanga 3 = C1.

| | |
|---|---|
| **2.2.** | **Taithí oibre**<br>Níl aon taithí oibre ag teastáil. |
| **2.3.** | **Eolas ar theangacha** |
| **ROGHA 1** | |
| **Teanga 1** | — **an phríomhtheanga**<br>an Chróitis a bheith ar do thoil agat |
| **Teanga 2** | — **an chéad teanga fhoinseach**<br>sáreolas ar cheann de na teangacha seo a bheith agat:<br>DE (Gearmáinis), EN (Béarla) agus FR (Fraincis) |
| **Teanga 3** | — **an dara teanga fhoinseach (nach ionann í agus teanga 2)**<br>sáreolas ar cheann de na teangacha seo a bheith agat:<br>DE (Gearmáinis), EN (Béarla) agus FR (Fraincis) |
| **ROGHA 2** | |
| **Teanga 1** | — **an phríomhtheanga**<br>an Chróitis a bheith ar do thoil agat |
| **Teanga 2** | — **an chéad teanga fhoinseach**<br>sáreolas ar cheann de na teangacha seo a bheith agat:<br>DE (Gearmáinis), EN (Béarla) agus FR (Fraincis) |
| **Teanga 3** | — **an dara teanga fhoinseach, nach ionann í agus an Béarla, an Fhraincis ná an Ghearmáinis í**<br>sáreolas ar theanga amháin eile de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh<br><br>***I gcomhréir leis an mbreithiúnas a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Mór-Dhlísheomra) uaithi i gCás C-566/10 P, Poblacht na hIodáile v Coimisiún, tá sé de cheanglas ar institiúidí an AE a shonrú cé na fáthanna a bhfuil rogha an dara teanga teoranta sa chomórtas seo acu chuig líon srianta de theangacha oifigiúla de chuid an AE.***<br><br>***Cuirtear in iúl do na hiarrthóirí gur roghnaíodh dara teangacha an chomórtais seo de réir leas na seirbhíse, leas a éilíonn go mbeidh na hearcaigh nua in ann dul i mbun oibre láithreach agus go mbeidh sé ar a gcumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le linn a n-oibre laethúla. Ina éagmais sin, bheadh baol ann go gcuirfí bac mór le hobair na n-institiúidí.***<br><br>***Ar bhonn an chleachtais sheanbhunaithe atá ag institiúidí an Aontais maidir leis na teangacha cumarsáide inmheánacha, agus riachtanais na seirbhísí maidir le cumarsáid sheachtrach agus próiseáil comhad á gcur san áireamh, is iad an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis na teangacha is mó a úsáidtear. Ina theannta sin, is iad an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis na dara teangacha is mó i bhfad amach a roghnaíonn na hiarrthóirí sna comórtais, nuair is fúthu a bhíonn roghnú an dara teanga. Is léiriú é sin ar an leibhéal oideachais agus ar na hinniúlachtaí gairme ar féidir bheith ag súil leo ó na hiarrthóirí ar na poist laistigh d'institiúidí an Aontais, mar atá, sáreolas ar cheann de na teangacha sin ar a laghad. Dá bhrí sin, agus leas na seirbhíse agus riachtanais agus inniúlachtaí na n-iarrthóirí á gcur sa mheá, agus sainréimse an chomórtais seo á chur san áireamh, tá ábhar maith ann trialacha a eagrú sna trí theanga sin chun a chinntiú go mbeidh sáreolas ag na hiarrthóirí uile, is cuma cén phríomhtheanga atá acu, ar cheann de na trí theanga oifigiúla sin ar leibhéal teanga oibre.***<br><br>***Ina theannta sin, chun go mbeidh cothrom iomaíochta ann, ní mór do gach iarrthóir, fiú má tá ceann de na trí theanga sin ina phríomhtheanga oifigiúil aige, an triail sin a dhéanamh sa <u>dara</u> teanga, teanga a bheidh le roghnú as na trí theanga sin. Mar sin, tugann an measúnú ar na hinniúlachtaí sonracha deis d'institiúidí an Aontais a mheas cé chomh hábalta is atá na hiarrthóirí dul i mbun oibre láithreach i dtimpeallacht atá cosúil leis an timpeallacht ina n-iarrfar orthu bheith ag obair. Tá na bearta seo gan dochar d'fhoghlaim tríú teanga ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 45, mír 2 de na Rialacháin Foirne.*** |

## IV. **TRIALACHA IONTRÁLA**

Déanfar na trialacha iontrála ar ríomhaire agus is é EPSO a eagróidh iad. Is é an coiste a chinnfidh leibhéal deacrachta na dtrialacha agus a fhormheasfaidh an t-ábhar iontu ar bhonn mholtaí EPSO.

| | | |
|---|---|---|
| **1. Cuireadh** | Tabharfar cuireadh duit chuig na trialacha má bhíonn d'iarratas bailíochtaithe agat in am (féach Roinn VIII).<br>**Tabhair do d'aire:**<br>1. má tá d'iarratas bailíochtaithe agat, tá sé dearbhaithe agat go gcomhlíonann tú na coinníollacha ginearálta agus sonracha atá leagtha síos i Roinn III;<br>2. chun na trialacha a dhéanamh, ní mór duit dáta a chur in áirithe; **ní foláir** é sin a dhéanamh roimh an spriocdháta a chuirfear in iúl duit trí do chuntas EPSO. | |
| **2. Cineál agus marcáil na dtrialacha** | Sraith de thrialacha bunaithe ar cheisteanna ilroghnacha chun do chumas agus d'inniúlacht ghinearálta a mheasúnú maidir leis na nithe seo a leanas: | |
| **Triail (a)** | Réasúnaíocht bhriathartha | Marcáil: 0-20 pointe |
| **Triail (b)** | Réasúnaíocht uimhriúil | Marcáil: 0-10 bpointe<br>An pasmharc: 4 phointe |
| **Triail (c)** | Réasúnaíocht theibí | Marcáil: 0-10 bpointe |
| | | An pasmharc foriomlán do thrialacha (a) agus (c): 15 phointe |
| **Triail (d)** | Triail teanga | Marcáil: 0-10 bpointe<br>An pasmharc: 5 phointe |
| **Triail (e)** | Triail teanga | Marcáil: 0-10 bpointe<br>An pasmharc: 5 phointe |
| **3. Teanga na dtrialacha** | Teanga 2: trialacha (a), (b) agus (c)<br>Teanga 1: triail (d)<br>Teanga 3: triail (e) | |

## V. **TRIALACHA AISTRIÚCHÁIN** ([2])

| | |
|---|---|
| **1. Cuireadh chuig na trialacha** | Déanfar d'inniúlachtaí sonracha a mheas trí bhíthin na dtrialacha aistriúcháin<br>— má ghnóthaigh tú an pasmharc sna trialacha iontrála go léir,<br>— má ghnóthaigh tú ([3]) ceann de na marcanna foriomlána is fearr do thrialacha (a), (c), (d), (e), agus<br>— más rud é, tar éis scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a soláthraíodh san iarratas ar líne ([4]), go gcomhlíonann tú coinníollacha ginearálta agus sonracha Roinn III.<br>Triail díbreora atá i dtriail (b) ach ní áireofar pointí na trialach sin le pointí na dtrialacha eile d'fhonn na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chuig na trialacha aistriúcháin dóibh a chinneadh.<br>Tabharfar cuireadh chuig na trialacha aistriúcháin, de réir na rogha, do thart ar a thrí oiread líon na n-iarrthóirí a n-éireoidh leo atá luaite san fhógra comórtais seo, agus foilseofar an líon sin ar shuíomh gréasáin EPSO (http://blogs.ec.europa.eu/eu-careers.info/).<br>Beidh na trialacha aistriúcháin ar siúl in ionaid scrúdúcháin sna Ballstáit agus sa Chróit. |
| **2. Cineál agus marcáil na dtrialacha** | (a) triail aistriúcháin ó theanga 2 go teanga 1 (le foclóir)<br>(b) triail aistriúcháin ó theanga 3 go teanga 1 (le foclóir)<br>Marcálfar gach triail aistriúcháin as 80 pointe.<br>An pasmharc: 40 pointe.<br>Mura n-éiríonn leis an iarrthóir an pasmharc a bhaint amach do thriail (a), ní cheartófar triail (b). |

([2]) Déanfaidh an coiste a mbeidh sna trialacha seo a bhailíochtú.
([3]) Maidir leis an áit dheireanach, i gcás ina ngnóthóidh roinnt iarrthóirí an marc céanna, iarrfar orthu ar fad teacht chuig an ionad measúnaithe.
([4]) Seiceálfar an fhaisnéis sin, trí scrúdú a dhéanamh ar na doiciméid tacaíochta, sula gcuirfear i dtoll a chéile an painéal (féach Roinn VII. 1 agus Roinn VIII. 2).

## VI. IONAD MEASÚNAITHE

| | |
|---|---|
| **1. Cuireadh** | Tabharfar cuireadh duit teacht chuig an ionad measúnaithe, i bprionsabal, sa Bhruiséil ar feadh lae amháin, má tá an pasmharc bainte amach agat agus má tá do thoradh i measc na dtorthaí is fearr ar na trialacha aistriúcháin. Cuirfear pointí na dtrialacha sin leis na pointí a ghnóthaítear le linn an ionaid mheasúnaithe.<br>Tabharfar cuireadh chuig an ionad measúnaithe, de réir na rogha, do thart ar a dhá oiread líon na n-iarrthóirí a n-éireoidh leo atá luaite san fhógra comórtais seo, agus foilseofar an líon sin ar shuíomh gréasáin EPSO (http://blogs.ec.europa.eu/eu-careers.info/). |
| **2. Ionad measúnaithe** | Is éard is aidhm don ionad measúnaithe d'inniúlachtaí ginearálta [5] a mheasúnú i do chéad teanga fhoinseach (teanga 2), is é sin Gearmáinis (DE), Béarla (EN) nó Fraincis (FR), ar na bealaí seo a leanas:<br>(c) agallamh struchtúrtha<br>(d) gníomhaíocht i ngrúpa<br>(e) cur i láthair ó bhéal |

**Measúnófar gach inniúlacht ghinearálta mar atá léirithe sa tábla seo thíos:**

| | **Agallamh struchtúrtha** | **Gníomhaíocht i ngrúpa** | **Cur i láthair ó bhéal** |
|---|---|---|---|
| Anailísiú agus réiteach fadhbanna | | **x** | **x** |
| Cumarsáid | **x** | | **x** |
| Cáilíocht agus torthaí | **x** | | **x** |
| Foghlaim agus forbairt | **x** | **x** | |
| Tosaíochtaí a chur in ord tábhachta agus eagrúchán | | **x** | **x** |
| Buanseasmhacht | **x** | | **x** |
| Obair bhuíne | **x** | **x** | |
| Cumas ceannaireachta | **x** | **x** | |

| | |
|---|---|
| **3. Marcáil** | Marcálfar iomlán na n-inniúlachtaí ginearálta as 80 pointe (10 bpointe in aghaidh na hinniúlachta).<br>An pasmharc: 40 pointe as 80 d'iomlán na n-ocht n-inniúlacht ghinearálta. |
| **4. Ualú** | Ríomhtar an marc foriomlán, bunaithe ar mharcanna na dtrialacha aistriúcháin (inniúlachtaí sonracha) agus thrialacha an ionaid mheasúnaithe (inniúlachtaí ginearálta) le chéile, mar seo a leanas:<br>**Inniúlachtaí sonracha: trialacha (a) agus (b): 65 % den mharc foriomlán**<br>**Inniúlachtaí ginearálta: Trialacha (c), (d) agus (e): 35 % den mharc foriomlán** |

[5] Tá tuilleadh eolais ar na hinniúlachtaí sin i bpointe 1.2 den treoir do chomórtais oscailte.

## VII. **PAINÉIL**

| | |
|---|---|
| **1. Iarrthóirí a chur ar na painéil** | Cuirfidh an bord roghnúcháin d'ainm ar an bpainéal:<br>— má tá tú ar dhuine de na hiarrthóirí (6) a ghnóthaigh an pasmharc agus ceann de na marcanna foriomlána is fearr sna trialacha aistriúcháin agus sna trialacha measúnaithe<br>— agus más rud é, i bhfianaise na ndoiciméad tacaíochta, go gcomhlíonann tú na coinníollacha iontrála go léir.<br>Déanfar seiceáil ar na hiarratais, in ord íslitheach tuillteanais, go mbainfear amach an líon is mó iarrthóirí is féidir a bheith ar an bpainéal, ar iarrthóirí iad a chomhlíonann na coinníollacha incháilitheachta ar fad.<br>Ní bhreathnófar ar dhoiciméid tacaíochta na n-iarrthóirí nach mbaineann an tairseach sin amach. Má thagann sé chun solais sa tseiceáil nach bhfuil na dearbhuithe (7) a rinne iarrthóir san iarratas ar líne ag luí leis na doiciméid tacaíochta ábhartha, dícháileofar an t-iarrthóir sin den chomórtas. |
| **2. Aicmiú** | Tarraingeofar suas na liostaí de réir rogha agus in ord aibítre. |

## VIII. **CONAS IARRATAS A CHUR ISTEACH**

| | |
|---|---|
| **1. Clárú ar líne** | Ní mór duit clárú ar líne sa tslí a léirítear ar shuíomh gréasáin EPSO, agus sa treoirleabhar maidir le clárú go háirithe.<br>**Spriocdháta (an bailíochtú san áireamh): an 23 Iúil 2013 ag 12 a chlog (meán lae)**, am na Bruiséile. |
| **2. Comhad iarratais** | **Má tá tú ar dhuine de na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh** chuig an ionad measúnaithe, beidh ort an comhad iomlán a bhaineann le d'iarratas a bhreith leat (8) (an fhoirm iarratais ar líne agus í sínithe, na doiciméid tacaíochta san áireamh) chuig an ionad measúnaithe.<br>**Sonraí praiticiúla**: féach pointe 6.1 de na treoracha do chomórtais oscailte. |

(6) Maidir leis an áit dheireanach, i gcás ina ngnóthóidh roinnt iarrthóirí an marc céanna, cuirfear iad ar fad ar an bpainéal.
(7) Is é EPSO a dheimhneoidh na dearbhuithe i ndáil leis na coinníollacha ginearálta agus is é an bord roghnúcháin a dheimhneoidh na dearbhuithe i ndáil leis na coinníollacha sonracha.
(8) Déanfar dáta do choinne san ionad measúnaithe a chur in iúl duit in am agus i dtráth trí do chuntas EPSO.